Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15663/25**

**FISC 331**
**ECOFIN 1554**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 695 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an meastóireacht ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 695 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 695 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 695 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais**

{SWD(2025) 365 final}

GA GA

## 1. Réamhrá

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chomhrac na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na seachanta cánach trasteorann a neartú chun a áirithiú go n-íocfar cion cothrom na gcánacha san Aontas. Chuige sin, tá gá le comhar éifeachtach idir riaracháin chánach na mBallstát.

Rialaítear rialacha maidir le cánachas díreach ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó, ach tá deiseanna níos mó ag gnólachtaí atá ag feidhmiú i ngeilleagar domhandaithe leas a bhaint as neamhréireanna idir rialacha chun brabúis a aistriú agus cánachas a sheachaint, rud a dhéanann dochar do bhoinn chánach tíortha eile. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar shoghluaisteacht daoine agus caipitil, tá sé níos éasca do dhaoine aonair oibriú agus infheistíocht a dhéanamh i mBallstáit eile de chuid an Aontais. Cruthaíonn an timpeallacht sin atá ag athrú dúshláin leanúnacha do riaracháin chánach toisc go gceanglaítear ar cháiníocóirí san Aontas a n-ioncam domhanda a dhearbhú ina dtír chónaithe de ghnáth. Ní féidir le riaracháin chánach náisiúnta gníomhú go héifeachtach ina n-aonar in imthosca den sórt sin, mar sin tá gá le comhar ar fud an Aontais.

Ó glacadh Treoir 2011/16/AE (TCR nó TCR1), tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le huirlisí comhchuibhithe cuimsitheacha a sholáthar do na Ballstáit chun a áirithiú gur féidir leo comhoibriú go héifeachtúil i réimse an chánachais dhírigh. Áirítear ar na huirlisí sin malartú faisnéise (arna iarraidh sin, uathoibríoch agus spontáineach) chomh maith le hionstraimí comhair eile (láithreacht in oifigí riaracháin nó le linn fiosrúcháin riaracháin, rialuithe comhuaineacha agus iniúchtaí comhpháirteacha).

**Ceann de na forbairtí is mó sa chomhar riaracháin** is ea **malartú faisnéise uathoibríoch (MFU)** a thabhairt isteach i.e. faisnéis réamhshainithe a chur in iúl go córasach do riarachán cánach Ballstáit eile gan réamhiarraidh.

Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir leis sin agus, ó bhí 1 Eanáir 2015 ann, tá faisnéis á malartú go huathoibríoch, maidir le cúig chatagóir ioncaim agus caipitil i.e. ioncam ó fhostaíocht, pinsin, táillí stiúrthóirí, táirgí árachais saoil, agus úinéireacht maoine dochorraithe agus ioncam ón maoin sin (TCR1)[1].. Is faisnéis í sin ba cheart a bheith ag na húdaráis chánach ina gcórais i bprionsabal agus atá, a bheag nó a mhór, ar fáil dóibh go héasca. Leasaíodh TCR ó shin chun raon feidhme MFU a leathnú, i gcomhréir le forbairtí idirnáisiúnta, chun an méid seo a leanas a áireamh: (i) faisnéis faoi chuntais airgeadais (TCR2)[2]; (ii) rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála cánach (TCR3)[3]; (iii) tuarascálacha de réir tíre (TCR4)[4]; (iv) socruithe intuairiscithe trasteorann a léiríonn seachaint cánach a d'fhéadfadh a bheith ann) (TCR6)[5]; (v) ioncam arna fháil ó úsáid ardán (TCR7)[6]; agus (vi) cripteashócmhainní agus

[1] An chéad mhalartú MFU TCR1 faoi 30.6.2015 le haghaidh na bliana 2014.
[2] Na chéad mhalartuithe TCR2 faoi 30.9.2017 le haghaidh na bliana 2016.
[3] Na chéad mhalartuithe TCR3 faoi 30.9.2017, an t-eolaire lárnach in úsáid ó bhí Eanáir 2018 ann.
[4] Na chéad mhalartuithe TCR4 faoi 30.6.2018 le haghaidh na bliana 2016.
[5] Na chéad mhalartuithe TCR4 faoi 31.8.2020.
[6] An chéad mhalartú TCR7 faoi 29.2.2024 le haghaidh na bliana 2023.

ríomh-airgead (TCR8)[7]. Le leasuithe eile, údaraíodh d'údaráis chánach rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac (TCR5) agus, leathnaíodh raon feidhme MFU chun dleachtanna, díbhinní neamhchoinneála agus rialuithe trasteorann a bhaineann le daoine aonair a áireamh. Déantar foráil leis an leasú is déanaí (TCR9)[8] maidir le malartú faisnéise a cheanglaítear le Treoir Cholún a Dó.

In éineacht leis na leathnuithe ar raon feidhme MFU tar éis TCR1 tugadh isteach **oibleagáidí tuairiscithe comhchuibhithe** le haghaidh catagóirí sonracha eintiteas (e.g. institiúidí airgeadais, cuideachtaí ilnáisiúnta, idirghabhálaithe cánach, oibreoirí ardán digiteach, etc.) a gceanglaítear orthu an fhaisnéis a chomhroinnt lena riaracháin chánach ionas go bhféadfaidís, ar a seal, í a mhalartú eatarthu féin. Déantar faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit trí úsáid a bhaint as **scéimrí coiteanna TF agus bonneagair choiteanna TF** a sholáthraíonn an Coimisiún, agus lena n-áirithítear rúndacht agus príobháideachas. Cé go ndéantar faisnéis a mhalartú go ginearálta ar bhonn déthaobhach, a mhéid a bhaineann le TCR3, TCR6 agus TCR8, déantar faisnéis a mhalartú trí eolaire lárnach a bhfuil rochtain ag na Ballstáit uile air.

## 2. Conclúidí meastóireachta

Ceanglaítear le hAirteagal 27 TCR ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil maidir lena chur i bhfeidhm a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 5 bliana ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh.

Ag deireadh 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad tuarascáil ilbhliantúil ar TCR. Ina dhiaidh sin bhí tuarascáil ar mhalartú faisnéise uathoibríoch i mí na Nollag 2018. D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad mheastóireacht chuimsitheach ar TCR in 2019, lenar cumhdaíodh an tréimhse ó 2013 go 2017. Ba iad príomhthorthaí na meastóireachta (i) gur cuireadh forálacha TCR chun feidhme ach nár cuireadh na bearta uile chun feidhme go héifeachtach; (ii) bhí méadú mór tagtha ar an méid sonraí a bhí ar fáil do riaracháin chánach mar gheall ar an malartú faisnéise faoi TCR ach níor tháinig méadú ar a gcumas na sonraí sin a bhainistiú ag an ráta céanna; agus (iii) bhí an measúnú ar thairbhí an-teoranta mar gheall ar an easpa faisnéise staidrimh a bhí ar fáil.

Cumhdaítear leis an dara tuarascáil mheastóireachta seo an tréimhse ó **2018** go **2023**. Tacaítear leis le doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis (an Doiciméad Inmheánach Oibre) atá bunaithe ar thorthaí staidéir sheachtraigh, ar thorthaí comhairliúchán poiblí agus spriocdhírithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ar shonraí arna soláthar ag na Ballstáit agus ar ionchuir eile amhail toradh na hoibre ábhartha a rinneadh faoi chlár Fiscalis an Choimisiúin.

Áirítear i raon feidhme na meastóireachta seo na leasuithe uile ar **TCR suas go dtí TCR6 agus an Treoir sin san áireamh.** Ní sholáthraítear ach faisnéis cháilíochtúil le haghaidh TCR7 toisc nár tharla na chéad mhalartuithe ábhartha go dtí mí Feabhra 2024 agus nach bhfuil faisnéis staidrimh iomlán ar fáil go fóill dá bhrí sin. Ní bhreithnítear sa mheastóireacht seo leasuithe níos déanaí ar TCR. Ina theannta sin, mar thoradh ar na leasuithe ar Airteagal 27(2) TCR a tugadh isteach le

[7] An chéad mhalartú TCR8 faoi 30.9.2027 le haghaidh 2026.
[8] An chéad mhalartú TCR9 ón 1.12.2026 le haghaidh na bliana 2024.

TCR8, cumhdaítear sa mheastóireacht reatha freisin ábharthacht shaintréithe TCR6 maidir le malartú faisnéise maidir le socruithe trasteorann a d'fhéadfadh a bheith díobhálach.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go soláthraítear leis an Treoir maidir le Comhar Riaracháin **creat dlíthiúil láidir, athraitheach agus measartha solúbtha** lena n-éascaítear **dlúthchomhar riaracháin** idir údaráis chánach na mBallstát. Ar an iomlán, rannchuidigh sásraí TCR **go héifeachtach** agus **go héifeachtúil** le cumas na mBallstát calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac. Oibríonn an creat comhair a sholáthraítear le TCR go héifeachtúil ach tá sé sin ar chostas **iarrachtaí agus infheistíochtaí móra** ó na bpáirtithe leasmhara éagsúla, go háirithe údaráis chánach na mBallstát agus an gnólacht. Tá TCR **comhleanúnach** den chuid is mó le tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta, soláthraíonn sé **breisluach AE** i gcomparáid le réiteach náisiúnta nó déthaobhach agus tá sé fós an-**ábhartha** mar idirghabháil bheartais.

Tugtar forbhreathnú thíos ar **phríomhthorthaí** na meastóireachta ar gach ceann de na cúig chritéar maidir le Rialáil Níos Fearr.

**<u>Éifeachtacht</u>**

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur éascaigh TCR malartú **méideanna substaintiúla faisnéise atá á meaitseáil agus á n-úsáid níos mó agus níos mó ag údaráis chánach**, chun críoch measúnaithe riosca agus rialaithe araon agus chun comhlíonadh deonach cáiníocóirí a chothú, rud a bhfuil tionchar dearfach aige ar bhoinn chánach agus ar ioncam cánach na mBallstát.

Is iad **tráthúlacht, iomláine agus cáilíocht** na faisnéise na trí phríomhthosca spreagtha éifeachtachta toisc go mbíonn tionchar acu ar chumas na mBallstát an fhaisnéis a fhaightear a úsáid. Léirítear san anailís, go háirithe an fhaisnéis a fhaightear ó mhalartuithe TCR1 agus TCR2, go bhfuil sí tráthúil, iomlán agus ar ardchaighdeán go ginearálta, rud a fheabhsaíonn cumas na n-údarás cánach faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trasteorann.

A mhéid a bhaineann le TCR3 agus TCR4, cé go mbíonn an fhaisnéis a mhalartaítear tráthúil go ginearálta, tá roinnt saincheisteanna ann a bhaineann le hiomláine na faisnéise, go háirithe mar gheall ar uimhreacha aitheantais cánach [UACanna] neamhiomlána agus mionsonraí neamhleordhóthanacha sna hachoimrí ar rialuithe cánach trasteorann. Sainaithníodh roinnt saincheisteanna freisin i ndáil le cáilíocht agus iomláine fhaisnéis TCR6.

**<u>Éifeachtúlacht</u>**

Tá cóimheas dearfach costais agus tairbhí ag TCR, i gcás ina bhfuil **na costais a bhaineann le TCR i gcomhréir leis na tairbhí a ghintear.**

Meastar gurb é luach na **gcostas coigeartaithe athfhillteach bliantúil** agus **na gcostas riaracháin** a bhaineann le TCR thart ar **EUR 646 mhilliún** do na páirtithe leasmhara uile (i.e. páirtithe leasmhara príobháideacha agus údaráis chánach).

Fabhraíonn gnólachtaí cuid mhór de na costais riaracháin (EUR 604 mhilliún), agus baineann an sciar is mó le hoibleagáidí tuairiscithe TCR2 (**EUR 550 milliún**). Is iad na costais bhliantúla ar

údaráis chánach thart ar **EUR 42 mhilliún**, a bhfuil an chuid is mó de nasctha le MFU. Is iad TCR1 agus TCR2 a ghineann na costais is airde d'údaráis chánach.

Meastar gur thart ar **EUR 6,8 billiún in aghaidh na bliana** na **tairbhí** foriomlána TCR.

Go sonrach, i bhfianaise na meastachán lárnach, meastar go nginfidh MFU faoi TCR1 agus TCR2 thart ar EUR 1,2 billiún in aghaidh na bliana i sochair chánach an Aontais, agus meastar go rannchuideoidh TCR4 le EUR 5,6 billiún breise in aghaidh na bliana in ioncam cánach. Téann na tairbhí sin chuig na húdaráis chánach náisiúnta.

**Comhleanúnachas**

Is é conclúid na meastóireachta go bhfuil TCR **comhleanúnach go ginearálta le tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais** agus go gcomhlánaíonn sé cuspóirí beart eile de chuid an Aontais lena spriocdhírítear ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (Treoir AML) agus ar chalaois CBL (Rialachán (AE) 904/2010 ón gComhairle). Tugtar faoi deara inti freisin go bhféadfaí féachaint ar shineirgí breise leis na bearta sin.

Tá TCR **ailínithe go ginearálta** freisin leis na caighdeáin tuairiscithe faisnéise agus malartaithe a forbraíodh ar an **leibhéal idirnáisiúnta**. Áirithítear leis an ailíniú sin comhsheasmhacht sa chur chuige a ghlacann na Ballstáit maidir le comhlíonadh cánach idirnáisiúnta. Trí ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta, éascaíonn TCR comhtháthú in iarrachtaí níos leithne maidir le comhar idirnáisiúnta cánach, rud a fheabhsaíonn a éifeachtacht maidir le himghabháil cánach agus seachaint cánach a shrianadh ar scála domhanda.

**Breisluach AE**

Soláthraíonn TCR **breisluach substaintiúil AE** trí chreat comhchuibhithe a bhunú le haghaidh comhar cánach a sháraíonn réitigh náisiúnta nó dhéthaobhacha eile atá ann cheana ó thaobh raon feidhme agus éifeachtachta de.

Ar an gcéad dul síos, éascaíonn TCR comhroinnt chuimsitheach sonraí i measc na mBallstát uile, ar bhealach atá ailínithe go hiomlán le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Ar an dara dul síos, trí malartú faisnéise uathoibríoch a shainordú, áirithítear le TCR go mbeidh rochtain ag na Ballstáit uile ar fhaisnéis chriticiúil chánach. Laghdaíonn sé sin go mór deiseanna le haghaidh straitéisí seachanta cánach lena mbaintear leas as éagothromaíochtaí idir córais chánach náisiúnta agus lena bhfeabhsaítear trédhearcacht ar fud an Aontais ar fad.

Ar an tríú dul síos, leis na bonneagair choiteanna TF a bunaíodh faoi TCR, déantar na próisis mhalartaithe a chuíchóiriú, agus ualaí riaracháin, costais agus neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le comhaontuithe déthaobhacha á laghdú. Leis an leagan amach sin, neartaítear freisin an mhuinín fhrithpháirteach agus an comhar idir na húdaráis chánach.

Ar deireadh, i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta, áirithíonn TCR cur chuige comhordaithe maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm lena gcosnaítear feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh.

**Ábharthacht**

Tá TCR fós **an-ábhartha agus criticiúil** don chomhrac in aghaidh na himghabhála cánach, na seachanta cánach agus na pleanála ionsaithí cánach toisc gur uirlis sholúbtha é lenar féidir réimsí nua comhair agus malartuithe nua faisnéise a chomhtháthú nuair a thagann an gá chun cinn.

De réir mar a éiríonn geilleagair níos idirnasctha, de réir mar a thagann samhlacha nua gnó chun cinn agus de réir mar a théann ardáin dhigiteacha chun cinn, bíonn bacainní nua roimh chórais chánach thraidisiúnta maidir le hioncam a rianú agus comhlíonadh a áirithiú. Trí shíorfhorbairt chun comhpháirteanna nua amhail TCR7 a áireamh, lena spriocdhírítear ar ioncam ó ardáin

dhigiteacha, nó TCR8 lena n-áirithítear trédhearcacht i réimse na gcripteashócmhainní, tá an treoir fós ábhartha agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a bhaineann le réaltachtaí eacnamaíocha nua-aimseartha.

Thairis sin, áirithítear le hailíniú TCR le caighdeáin dhomhanda go gcomhlánaíonn cuspóirí TCR iarrachtaí idirnáisiúnta chun cothrom iomaíochta a chruthú i gcomhlíonadh cánach domhanda. Tríd an méid sin a dhéanamh, ní hamháin go gcuirtear feabhas ar chumas Bhallstáit an Aontais seachaint cánach agus imghabháil cánach a chomhrac le TCR ach neartaítear leis freisin seasamh an Aontais sa bheartas cánach domhanda.

### 3. Ceachtanna a foghlaimíodh

Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht na ceachtanna seo a leanas a foghlaimíodh.

*Tá creat dlíthiúil TCR láidir, ach méadaíonn ilroinnt an chur i bhfeidhm ar fud an Aontais an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí*

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil creat dlíthiúil TCR láidir ach go bhfuil an téacs dlíthiúil níos casta agus nach bhfuil sé chomh so-úsáidte céanna mar gheall ar mhinicíocht na leasuithe ó bhí 2011 ann.

Is í an mheastóireacht atá ann faoi láthair an chéad deis chun mionanailís a dhéanamh ar TCR 6. Spreag sé sin an chuid is mó den aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Aontaíonn páirtithe leasmhara príobháideacha agus údaráis chánach araon gurb é TCR6 an chuid is dúshlánaí de TCR a chur i bhfeidhm mar gheall ar a chasta agus atá sé agus an deis atá ag na Ballstáit léirmhíniú éagsúil a dhéanamh air. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar roinnt saincheisteanna le himeacht ama (e.g. róthuairisciú agus tearcthuairisciú), ach ní dócha go n-imeoidh siad ar fad mar gheall ar easpa comhchuibhithe ar an mbeartas cánachais ar fud an Aontais. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur dréachtaíodh roinnt forálacha (e.g. an 'príomhtháistáil sochair' agus roinnt saintréithe) go ginearálta chun a áirithiú go gcumhdaítear go leordhóthanach na socruithe trasteorann díobhálacha uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Cruthaíonn sé sin dúshláin léirmhínitheacha do na Ballstáit agus d'idirghabhálaithe araon, as a n-eascraíonn cur i bhfeidhm neamhréireach TCR agus, dá bhrí sin, deimhneacht dhlíthiúil agus saincheisteanna maidir le cothrom iomaíochta, rud a mhéadaíonn an t-ualach riaracháin dá réir. Chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) i dtábhacht freisin cur i bhfeidhm neamhréireach TCR6 ina tuarascáil speisialta i mí na Samhna 2024 maidir le 'Córais chánach dhíobhálacha agus córais chánach seachanta cánach corparáide agus seachaint cánach corparáide a chomhrac'. Ar deireadh, measann páirtithe leasmhara gnó agus, ar bhonn níos lú, riaracháin chánach nach bhfuil cuid de shaintréithe TCR6 oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh.

*Tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir leis an gcreat pionós i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe faoin TCR*

Le hAirteagal 25a de TCR ceanglaítear ar na Ballstáit 'pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha' a chur chun feidhme i gcás neamhchomhlíonadh ag eintitis dhlíteanacha tuairiscithe agus daoine nádúrtha faoi TCR2, TCR4 agus TCR6.

Ina thuarascáil speisialta ó mhí Eanáir 2021 maidir le '[Faisnéis chánach a mhalartú san Aontas](#)', chuir CIE an riosca i dtábhacht nach gcruthófar éifeacht dhíspreagthach leordhóthanach leis na pionóis a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun comhlíonadh iomlán cheanglais tuairiscithe TCR2 a áirithiú. Rinne an Coimisiún anailís ar chórais phionóis na mBallstát mar chuid den mheasúnú tionchair le haghaidh TCR8 agus rinne sé togra mar chuid de TCR8 chun pionóis íosta a thabhairt isteach le haghaidh cionta intuairiscithe. Níor ghlac an Chomhairle leis an leasú sin, áfach.

Is é conclúid na meastóireachta go bhfuil an tsaincheist fós ábhartha. Tacaíonn tuarascáil speisialta CIE i mí na Samhna 2024 leis an gconclúid sin. Mhol CIE gur cheart don Choimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh i gcásanna ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil córas pionóis go follasach neamhleordhóthánach á chur chun feidhme ag na Ballstáit i gcás sáruithe ar TCR6.

*Tá feabhas tagtha ar cháilíocht na sonraí, ach is saincheist fós é cáiníocóirí a shainaithint le haghaidh roinnt malartuithe*

Tháinig feabhas ar cháilíocht na sonraí idir 2018 agus 2023, go háirithe i gcás TCR1 agus TCR2, agus tugtar faoi deara é sin mar cheann de na forbairtí is mó ó rinneadh an mheastóireacht roimhe seo. A mhéid a bhaineann le TCR3 agus TCR6, is é an phríomh-shaincheist úsáid a bhaint as sonraí teibí a fhaightear i bhformáid saorthéacs.

Ní shainordaítear leis an scéimre tuairiscithe tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil baint acu le socrú trasteorann a shainaithint, rud a bhaineann go sonrach le TCR6. Dá bhrí sin, is deacair do na Ballstáit a fháil amach an bhfuil dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad rannpháirteach agus, má tá, iad a shainaithint.

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá saincheisteanna fós ann maidir le sonraí a mheaitseáil. Tuairiscítear sa staidéar nach féidir céatadán beag (idir 5-15 % do TCRanna 1-4) na sonraí a mheaitseáil. Ciallaíonn neamhábaltacht sonraí a mheaitseáil nach mór do riaracháin chánach aiseolas de láimh a iarraidh nó a sholáthar do Bhallstáit eile. Tá sé sin go díréireach dian ar acmhainní agus costasach agus cuireann sé go mór leis an ualach riaracháin ar riaracháin chánach.

*Tá úsáid sonraí forleathan (cé nach bhfuil sí córasach), ach ba cheart riaracháin a dhéanamh níos cuntasaí as an gcaoi a n-úsáidtear sonraí TCR*

Mhéadaigh na Ballstáit go mór an úsáid a bhain siad as na sonraí a fuarthas faoi TCR le linn na tréimhse meastóireachta, ach níl an cás mar an gcéanna le haghaidh gach TCR. Baineann na húdaráis chánach úsáid fhorleathan as faisnéis TCR1 agus TCR2 chun boinn chánach a bhunú nó a athmheasúnú nó chun comhthacú le tuairisceáin chánach na gcáiníocóirí, ach tá na sonraí a mhalartaítear faoi TCR3, TCR4 agus TCR6 níos oiriúnaí do chúraimí anailíse riosca atá beartaithe chun a shainaithint gurb ann do scéim imghabhála cánach.

Tuairiscíodh méadú ar úsáid na sonraí a fuarthas, ach níl faireachán ná foilsiú éifeachtach á dhéanamh ag na Ballstáit ar na torthaí a eascraíonn as úsáid na sonraí. Sainaithníodh i dtuarascáil CIE 2021 an gá atá le trédhearcacht agus infheictheacht na nithe a baineadh amach agus na dtorthaí a fuarthas faoi TCR a mhéadú. D'iarr CIE go mbeadh creat coiteann de chuid an Aontais ann chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhair riaracháin chun na torthaí a thomhas ar

bhealach níos fearr. Mar sin féin, cé go bhfuil trédhearcacht níos fearr inmhianaithe, tuigtear go bhfuil sé deacair torthaí a shannadh go cruinn do shonraí a fhaightear faoi TCR, go príomha toisc nach n-úsáideann riaracháin chánach náisiúnta na sonraí ina n-aonar. Go deimhin, is iondúil go ndéantar na sonraí a chomhcheangal agus a fhorlíonadh le sonraí náisiúnta chun léargas níos iomláine a thabhairt ar chás cáiníocóra. Mar shampla, d'fhéadfadh measúnuithe riosca arna ndéanamh ag riaracháin chánach na mBallstát cur le faisnéis ó fhoinsí náisiúnta agus ó roinnt TCRanna. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ioncam cánach méadaithe ná aon toradh inchainníochtaithe mar thoradh ar an measúnú riosca féin.

*Oibríonn na córais malartaithe faisnéise TF ach tá gá le leithdháileadh mór acmhainní chun iad a oibriú*

Ar an iomlán, níor cáineadh go díreach na córais faisnéise a chuir an Coimisiún agus na Ballstáit ar fáil. Mar sin féin, mar gheall ar mhinicíocht na leasuithe ó bhí 2011 ann, tá brú curtha ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara araon agus córais tuairiscithe faisnéise agus malartaithe á mbunú agus á gcothabháil acu.

Soláthraítear le TCR aon chreat tuairiscithe comhchuibhithe amháin, ach ní mór ailtireacht TF ar leithligh a fhorbairt i ngach Ballstát, agus teastaíonn costas agus acmhainní móra le haghaidh na bpáirtithe leasmhara uile chuige sin. Dá bhrí sin, tá spéis mhór i gclaochlú digiteach cuimsitheach, d'fhonn nósanna imeachta a shimpliú agus costais a laghdú.

## 4. An bealach ar aghaidh

Bunaithe ar ionchur ó pháirtithe leasmhara agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh sa chleachtadh meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, na gníomhaíochtaí seo a leanas a fhiosrú nó a dhéanamh, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, chun feidhmiú TCR a fheabhsú a thuilleadh, agus ar an gcaoi sin áiritheoidh sé go mbainfidh sé a chuspóirí amach ina n-iomláine.

*An TCR a shimpliú agus a chur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú chun an t-ualach riaracháin a laghdú*

Tá comhrac na himghabhála cánach, na seachanta cánach agus na pleanála ionsaithí fós an-ard ar chlár oibre an Choimisiúin chun cánachas cothrom agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a áirithiú. Mar sin féin, le creat níos soiléire, níos simplí agus níos comhleanúnaí a léirmhínítear agus a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát, cuirfear feabhas ar iomaíochas an Aontais tríd an ualach riaracháin a laghdú agus tríd an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú le haghaidh páirtithe leasmhara. Cuideoidh trí bheart leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ar an gcéad dul síos, tá sé ríthábhachtach téacsanna dlíthiúla TCR éagsúla a dhéanamh níos soiléire trína gcomhdhlúthú.

Ar an dara dul síos agus i gcomhthéacs an chláir oibre simpliúcháin níos leithne, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an raon feidhme chun comhleanúnachas inmheánach foriomlán chreat dlíthiúil TCR a mhéadú – trí dheireadh a chur le dúbailtí agus neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a

bheith ann, agus trí fhéachaint ar na roghanna chun oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú nó deireadh a chur leo a d'fhéadfadh ualach gan ghá a bheith ag baint leo.

A mhéid a bhaineann le TCR6, déanfaidh an Coimisiún anailís agus measúnú cúramach ar an ngá atá le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe ar na saintréithe atá ann cheana, a d'fhéadfaí a shoiléiriú agus a chuíchóiriú agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an córas de bheith láidir ina chuspóirí agus nach lagófar é leis na leasuithe. Féachfaidh an Coimisiún freisin an bhféadfaí na prionsabail agus na coincheapa a ndearna an Chomhairle scrúdú forleathan orthu faoi iar-thogra UNSHELL a chomhtháthú i gcreat simplithe TRC.

Ar an tríú dul síos, chun neamhréireachtaí i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm TCR ag na Ballstáit a laghdú, forbróidh agus foilseoidh an Coimisiún (i gcomhar leis na Ballstáit) treoir ar leibhéal an Aontais maidir leis na leasuithe is déanaí ar TCR. Déanfaidh sé é sin ar bhealach níos córasaí i gcás aon leasuithe a dhéanfar amach anseo.

*Feabhas a chur ar an gcreat pionós le haghaidh TCR*

Tá creat láidir pionós fíor-riachtanach chun comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe faoi TCR2, TCR4 agus TCR6 a áirithiú. Tá baol ann, mar gheall ar neamhréireachtaí sa chreat pionós a thug na Ballstáit isteach, go mbainfí an bonn den chothrom iomaíochta agus d'fhéadfadh cur i bhfeidhm míchothrom TCR ar fud an Aontais a bheith mar thoradh orthu.

Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, tá an Coimisiún réidh agus toilteanach dul i dteagmháil leis na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na córais pionós atá i bhfeidhm agus chun bealaí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a chur orthu sin, i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi reachtaíocht an Aontais.

*Sainaithint iomlán cáiníocóirí a áirithiú trí bhíthin uimhir aitheantais chánach de chuid an Aontais (UAC)*

Tá gá le hobair bhreise ionas gur féidir le riaracháin chánach na mBallstát tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na sonraí a fhaightear a mheaitseáil trí bhíthin malartú faisnéise agus chun sainaithint cáiníocóirí níos uathoibrithe a áirithiú. Is é is aidhm dó ráta meaitseála 100 % a bhaint amach.

Mar gheall ar ról ríthábhachtach na huimhreach aitheantais cáiníocóirí (UAC) maidir le cáiníocóirí a shainaithint, is iomchuí féachaint ar chur chuige níos comhordaithe maidir le sainaithint cáiníocóirí ar leibhéal an Aontais. Sheol an Coimisiún staidéar le déanaí maidir le réiteach féideartha ar shaincheist UAC. Déanfar measúnú sa staidéar ar an indéantacht dhlíthiúil agus theicniúil chomh maith leis na costais/na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haitheantóir coiteann (UAC AE) a bhunú, bunaithe ar uimhreacha aitheantais atá ann cheana. Féachfar sa staidéar freisin ar bhealaí chun uirlis láraithe a sholáthar chun é a chur ar a gcumas d'údaráis chánach agus d'oibreoirí eacnamaíocha comhréireacht UAC an Aontais a bhailíochtú agus céannacht an cháiníocóra a sheiceáil ar bhealach nach bhfuil chomh dian céanna ar acmhainní trí uirlisí uathoibrithe a úsáid.

*Úsáid chórasach sonraí a mhéadú agus inrianaitheacht níos fearr a fhorbairt*

Ní mór do riaracháin chánach úsáid níos córasaí a bhaint as na sonraí a fhaightear faoi TCR le haghaidh nósanna imeachta cánach intíre. Gan gnáthúsáid, tá an chuid is mó de na costais fós ann ach ní dhéantar na tairbhí a uasmhéadú.

Úsáidtear roinnt faisnéise a fhaightear faoi TCR chun tuairisceáin chánach a réamhlíonadh. Is úsáid mholta sonraí é sin agus ba cheart é a spreagadh, ach ní mór sonraí tráthúla ardcháilíochta agus sásra meaitseála éifeachtúil a fháil. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart sonraí a fhaightear ó TCR a chur isteach go huathoibríoch i gcórais náisiúnta anailíse riosca. Chuige sin, tá gá le feabhsuithe deartha le haghaidh córais náisiúnta anailíse riosca, agus dea-chleachtais á gcur san áireamh, agus iniúchadh á dhéanamh ar theicnící agus ar theicneolaíochtaí lena gcumasaítear úsáid fíor-ama sonraí TCR. Cuirtear i dtábhacht bhreise leis sin cáilíocht na mbonneagar TF sna Ballstáit agus a gcumas freastal ar chórais den sórt sin.

Chun feabhas a chur ar an meastachán ar thorthaí an chomhair riaracháin san Aontas, ní mór táscairí a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh chun feasacht an phobail a mhúscailt. Breithneoidh an Coimisiún bealaí chun úsáid na bpríomhtháscairí feidhmíochta chun toradh TCR1-4 a thomhas, ar táscairí iad a comhaontaíodh ag Cruinniú Mullaigh an Aontais Eorpaigh um Riarachán Cánach (TADEUS), a dhéanamh níos ceangailtí. Moltar do na Ballstáit freisin tionscnaimh a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt maidir le ról agus toradh an chomhair riaracháin (go háirithe MFU).

Ba cheart a áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar thoradh an chomhair riaracháin i gcánachas díreach foilsiú achomair ar thorthaí agus ar thionchair úsáid na sonraí malartaithe.

*Comhlíonadh agus éifeachtúlacht cánach a fheabhsú tríd an gclaochlú digiteach*

Is spreagadh tábhachtach é an claochlú digiteach chun éifeachtúlacht na riarachán cánach a fheabhsú. D'fhéadfaí é a úsáid chun idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise a mhéadú a thuilleadh chun a áirithiú gur féidir le córais na mBallstát cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le chéile agus le daoine tuairiscithe.

Ag féachaint chun cinn agus d'fhonn an ailtireacht TF atá ann cheana agus a thacaíonn le tuairisciú agus malartú faisnéise faoi TCR a shimpliú agus a chuíchóiriú, d'fhéadfadh an Coimisiún féachaint an bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé cur chuige níos láraithe a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh ar na costais/na tairbhí sin. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist leis sin pointe rochtana aonair a bhunú chun faisnéis a mhalartú agus, b'fhéidir, faisnéis a thuairisciú faoi TCR freisin. Thiocfadh sé sin in ionad an ghá atá ann do riaracháin chánach faisnéis a mhalartú go minic. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí eintitis tuairiscithe a shainaithint go lárnach ionas nach mbeadh gá le faisnéis a thuairisciú ach uair amháin.

D'fhéadfadh córas lárnach den sórt sin coigilteas mór a bhaint amach do na Ballstáit agus do dhaoine ó eintitis tuairiscithe araon toisc go gceadófaí barainneachtaí scála agus cuíchóiriú infheistíochta TF leis. D'fhéadfadh sé cur le lúfaireacht fhoriomlán an chreata tuairiscithe agus malartaithe TF toisc go bhféadfaí athruithe a chur chun feidhme níos tapúla ar chreat aonair ná ar

chreat TF 27 mBallstát. D'fhéadfadh sé rannchuidiú freisin le cuspóirí eile a bhaineann le TCR a bhaint amach, go háirithe i dtéarmaí cáilíocht sonraí a fheabhsú.

## 5. Conclúidí

Soláthraítear le TCR creat dlíthiúil láidir lenar éascaíodh malartú méideanna substaintiúla faisnéise atá á meaitseáil agus á n-úsáid níos mó agus níos mó ag údaráis chánach (chun measúnú riosca agus chun críche rialaithe araon) agus lenar cothaíodh comhlíonadh deonach cáiníocóirí. Oibríonn TCR go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus tá na costais a bhaineann leis i gcomhréir leis na tairbhí a ghintear. Tá TCR comhleanúnach go ginearálta, tá breisluach aige i gcomparáid le roghanna malartacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá sé fós an-ábhartha chun a chuspóirí a bhaint amach.

D'ainneoin an dul chun cinn substaintiúil a rinneadh ó rinneadh an mheastóireacht roimhe seo, tá roinnt réimsí fós ann inar cheart tuilleadh oibre a dhéanamh sa ghearrthéarma chun feidhmiú TCR a fheabhsú a thuilleadh, agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí á laghdú an tráth céanna. Is féidir é sin a bhaint amach trí (i) simpliú dea-dheartha (gan an bonn a bhaint de chuspóirí TCR); (ii) feabhas a chur ar an gcreat pionós a bhaineann le TCR; (iii) réiteach uathoibríoch sonraí TCR le sonraí náisiúnta a éascú; agus (iv) cur i bhfeidhm comhsheasmhach TCR a áirithiú ar fud an Aontais. Ba cheart leanúint den obair freisin chun feabhas a chur ar úsáid sonraí agus chun sainaithint láidir uathoibríoch na gcáiníocóirí a dhearadh.

San fhadtéarma, beidh gá freisin le féachaint conas córais TF a chuíchóiriú agus leas níos fearr a bhaint as an gclaochlú digiteach chun feabhas a chur ar anailís riosca agus, an tráth céanna, coigilteas costais a áirithiú do na Ballstáit agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú.